

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



**The Teaching Council**

# Treoirnótaí

Léigh an doiciméad seo go cúramach le do  
thoil sula líonfaidh tú isteach an fhoirm  
iarrtais PPQA-02

# Clár an Ábhair

---

## Treoir Ghinearálta

1.	Na Rialacháin Chlárúcháin	3
2.	Iarratas a Dhéanamh	3
3.	Iarratais Neamhiomlána	3
4.	Bundoiciméid	3
5.	Tréimhse Phróiseála Iarratais	4
6.	Doiciméid a Aistriú	4

## Treoir do na ranna san fhoirm PPQA-02

7.	Roinn A – Sonraí Pearsanta	5
	7.1. Cláruimhir leis an gComhairle Mhúinteoireachta	5
	7.2. Ainm & Sloinne	5
	7.3. Dáta Breithe	5
8.	Roinn B – Dearbhú	5
9.	Roinn C – Ábha(i)r Curaclaim Iar-bhunscoile le Measúnú	5
	10.1. Ábhair ar Teangacha iad	5
	10.2. Corpoideachas	6
10.	Roinn D – Cáilíocht(aí) le Measúnú	7
	11.1. Tras-scríbhinní Acadúla	7
	11.2. Rochtain ar Líne ar Thaifid Cháilíochta (e.g. Digitaly)	7
11.	Roinn E – Seirbhís Múinteoireachta	7
12.	Roinn F – Seicliosta	7
13.	Roinn G – Táille/Modh Íocaíochta	7

# Treoir Ghinearálta

## 1. Na Rialacháin Chlárúcháin

Chun iarratas a dhéanamh ar ábhar breise leis an bhfoirm PPQA-02, ní miste a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair, faoi Chonair a Dó (Rialachán a Ceathair roimhe seo).

Maidir le hiarratasóirí ar chlárú in earnáil an iar-bhunoideachais, leagtar síos mar choinníoll sna Rialacháin Chlárúcháin go gcaithfidh cáilíochtaí a bheith ag iarratasóirí a chuireann ar a gcumas ábhar curaclaim iar-bhunscoile amháin ar a laghad a mhúineadh. Múinteoirí atá cláraithe cheana in earnáil an iar-bhunoideachais, shásaigh siad an riachtanas sin cheana féin. Is é sin, ní riachtanas clárúcháin é a bheith aitheanta d'ábhar sa bhreis.

Múinteoir a shásaíonn na riachtanais in [Critéir d'Ábhar Curaclaim Iar-bhunscoile](#) d'ábhar breise arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle tráth a dhéanann sé/sí iarratas, féadfaidh sé/sí measúnú a iarraidh ar a c(h)áilíochtaí ábhartha leis an bhfoirm PPQA-02.

## 2. Iarratas a Dhéanamh

Chun go ndéanfar do cháilíochtaí a mheasúnú d'ábhar breise, caithfear iad seo a leanas a sheoladh:

- a. An Fhoirm Iarratais PPQA-02 agus í líonta isteach, mar aon le táille €100 san ábhar,
- b. Fótachóipeanna de thras-scríbhinní cáilíochta do gach bliain ar leith de do cháilíochtaí ábhartha,
- c. Fótachóipeanna de lámhleabha(i)r an chúrsa nó den bhreac-chuntas ar an gcúrsa ina gcuirtear síos ar gach modúl a ndearnadh staidéar air (i.e. torthaí foghlama),
- d. \*Aistriúchán deimhnithe d'aon doiciméad thuas nach bhfuil i mBéarla nó i nGaeilge.
- e. Má tá iarratas á dhéanamh i gcás ábhair ar teanga é, fianaise ar sheal cónaithe agus Inniúlacht Theangeolaíoch (B2 ar a laghad ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha).
- f. Má tá iarratas á dhéanamh i gcás Corpoideachais, an Fhoirm PE1, ar fáil ar [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

## 3. Iarratais Neamhiomlána

Ní féidir foirm iarratais atá míchruinn nó neamhiomlán a phróiseáil (lena n-áirítear, gan caipéisí tacaíochta éigeantacha léi), agus cuirfear ar ais chuig an iarratasóir í faoi cheann tréimhse 3 mhí má tá nithe den sórt sin fós amuigh.

## 4. Bundoiciméid

Ná seoltar bundoiciméid. Fótachóipeanna amháin de na cáipéisí ábhartha a bhíonn á n-iarraidh ag an gComhairle. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as bundoiciméid a chailltear nó a théann amú faoi bhealach agus is sa ghnáthphost a chuirfear ar ais aon bhundoiciméad a sheoltar, seachas pas.

Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin chun aon cháipéisí a fhíorú a sheoltar chuici ag tacú le hiarratas, agus/nó chun bundoiciméid a iarraidh mura bhfuil sí sásta leis na fótachóipeanna a seoladh.

## 5. Tréimhse Phróiseála Iarratais

Ag cur san áireamh go mbíonn buaicthréimhsí gnóthacha ann i dtús an téarma scoile agus ar an tuiscint go mbeadh an cháipéisíocht eile ar fad a iarradh ar fáil, ba cheart go gcuirfí an próiseas ar fad i gcrích faoi cheann 10-12 sheachtain. Cuirfidh foireann na Comhairle in iúl d'iarratasóirí má theastaíonn cáipéisí breise.

*Iarraimid ar iarratasóirí gan a bheith ag lorg tuairiscí ar dhul chun cinn a n-iarratais.*

## 6. Doiciméid a Aistriú

Iarratais ar chlárú i mBéarla nó i nGaeilge, amháin, atá inghlactha. Má tá do chuid cáipéisí i dteangacha seachas iad sin, caithfidh tú aistriúcháin dheimhnithe ó aistritheoir creidiúnaithe a chur ar fáil, mar aon le cóipeanna deimhnithe de na bundoiciméid.

Féadfaidh tú na doiciméid a aistriú tú féin, más maith leat, a fhad is go ndéanann aistritheoir creidiúnaithe nó duine a bhfuil an dá theanga ar a t(h)oil aige/aici iad a dheimhniú e.g. léachtóir ollscoile nó oifigeach in ambasáid/ i gconsalacht ina bhfuil an teanga á labhairt.

# Treoir do na ranna san fhoirm PPQA-02

## 7. Roinn A – Sonraí Pearsanta

### 7.1. Do Chláruimhir leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Foirm iarratais í seo do mhúinteoirí atá cláraithe in earnáil an iar-bhunoideachais faoi láthair, amháin. Nuair a cláraíodh leis an gComhairle Mhúinteoireachta thú cuireadh do chláruimhir in iúl duit, agus úsáidtear go minic í sa chomhfhreagras idir an Chomhairle Mhúinteoireachta agus múinteoirí cláraithe.

Mura bhfuil do chláruimhir ar eolas agat, úsáid an fheidhm chun an Clár a Chuardach (“Cuardaigh an Clár”) ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

### 7.2. Ainm & Sloinne

An t-ainm agus sloinne faoina bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta a theastaíonn anseo.

### 7.3. Dáta Breithe

Nuair a cláraíodh leis an gComhairle Mhúinteoireachta thú, taifeadh do dháta breithe. Chun é a mheaitseáil a lorgáitear anseo é.

## 8. Roinn B – Dearbhú

Is iad na hiarratasóirí atá freagrach as a chinntiú go líontar an t-iarratas ar mheasúnú isteach go hiomlán, agus go seoltar na cáipéisí éigeantacha ar fad (lena n-áirítear, nuair a iarrann an Chomhairle Mhúinteoireachta cáipéisí breise) chun an measúnú a éascú. Ní féidir measúnú a chur i gcrích má tá cáipéisí ar iarraidh agus cuirfear d'iarratas ar fad ar ais chugat faoi cheann tréimhse 3 mhí má tá nithe den sórt sin amuigh i gcónaí.

## 9. Roinn C – Ábha(i)r Curaclaim Iar-bhunscoile le Measúnú

Sonraigh le do thoil an t-ábhar/ na hábhair a bhfuil tú ag déanamh iarratais ar mheasúnú ina leith. Is de réir [Post-Primary Curricular Subject Criteria](#), arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle tráth a dhéantar iarratas, a dhéanfar do cháilíocht(aí) a mheasúnú. Moltar duit na critéir don ábhar atá roghnaithe agat a scrúdú lena chinntiú go sásaíonn tú na critéir, sula ndéanann tú iarratas ar mheasúnú foirmiúil. Má tá easnaimh ann, cuirfear an t-easnamh/ na heasnaimh in iúl duit agus beidh ort fianaise a sholáthar gur slánaíodh an t-easnamh/ na heasnaimh ionas gur féidir an t-ábhar/ na hábhair a áireamh ar do chárú.

### 9.1. Ábhair ar Teangacha iad: Riachtanas Cónaithe agus Inniúlacht Theangeolaíoch

**Tábhachtach:** Tabhair faoi deara le do thoil, maidir le hiarratasóirí ar ábhair ar teangacha iad, go n-éilítear orthu fianaise a sholáthar ar a n-inniúlacht theangeolaíoch agus seal cónaithe mar chuid den fhoirm iarratais. Gheofar na sonraí ar fad in [Post-Primary Curricular Subject Criteria](#).

**Seal Cónaithe:** Caithfear fianaise a sholáthar, in éineacht leis an iarratas PPQA-02, gur chaith tú seal ama i do chónaí i dtír na teanga nó i dtír inarb í teanga an phobail í (an teanga labhartha). Leagtar síos an tréimhse ama a éilítear maidir le gach ábhar ar leith i ndoiciméad na Comhairle faoi Chritéir d'Ábhair. Is féidir an méid sin a fhianaisiú i do thras-scríbhinn acadúil torthaí nó trí cheann díobh seo a leanas a sheoladh:

- ▶ Fótachóip de thras-scríbhinn do thorthaí ina ndearbhaítear gur chaith tú 2/6 mhí i do chónaí i dtír na teanga. Nótáil le do thoil, más “Clár Erasmus/ Iasmuigh den Champas” (“Off Campus/Erasmus Programme”) atá luaite ar do thras-scríbhinn agus mura ndearbhaíonn sí go ndearnadh an clár i dtír ainmnithe, go mbeidh an méid sin le dearbhú i litir ón Institiúid Ardoideachais chuí/ on gColáiste cuí, a sheolfar in éineacht leis an tras-scríbhinn
- ▶ Litir/ráiteas ó d’fhostóir/ón gcoláiste/ó do thiarna talún sa tír sin. I gcás fostóra/tiarna talún, teastaíonn sonraí teagmhála ar nós uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist. Maidir leis an nGaeilge, ba cheart fianaisiú gur caitheadh seal i do chónaí sa Ghaeltacht.
- ▶ Fótachóip de do phas a fhianaisíonn gur dúchasach den tír sin thú (i.e. gurb í an teanga do mháthairtheanga). **N.B. Níl sé sin inghlactha don ábhar Gaeilge**
- ▶ Maidir leis an nGaeilge mar ábhar, fianaise gur dúchasach de limistéar Gaeltachta thú (e.g. bille fónais, ráiteas airgeadais, comhfhreagras maidir leis an gclár toghthóirí nó fianaise go mbíodh deontas Scéim Labhairt na Gaeilge do theaghlaigh Ghaeltachta (SLG) á fháil ag do mhuintir, nó litir/ráiteas ó Ghaelcholáiste ag dearbhú gur fhreastail tú ar Ghaelcholáiste Iar-bhunoideachais go dtí leibhéal na hArdeistiméireachta.

#### **Inniúlacht Theangeolaíoch:**

Caithfidh iarratasóirí a léiriú go bhfuil inniúlacht theangeolaíoch acu sa teanga. Is féidir í sin a fhianaisiú ach ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chur ar fáil:

- ▶ Fótachóip de do phas a fhianaisíonn gur dúchasach den tír sin thú (i.e. gurb í an teanga do mháthairtheanga). **N.B. Níl sé sin inghlactha don ábhar Gaeilge**
- ▶ Maidir leis an nGaeilge mar ábhar, fianaise gur dúchasach de limistéar Gaeltachta thú (e.g. bille fónais, ráiteas airgeadais, comhfhreagras maidir leis an gclár toghthóirí, nó fianaise go mbíodh deontas Scéim Labhairt na Gaeilge do theaghlaigh Ghaeltachta (SLG) á fháil ag do mhuintir.
- ▶ Fótachóip de thras-scríbhinn do thorthaí fochéime a dhearbhaíonn go follasach go bhfuil íosléibhéal B2 gnóthaithe agat ar an CTET/CEFR (Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha)
- ▶ Ráiteas ón Institiúid Ardoideachais inar chríochnaigh tú do chéim, ag dearbhú go follasach go bhfuil íosléibhéal B2 ar an CTET/CEFR gnóthaithe agat.
- ▶ Ráiteas ó thriail inniúlachta teanga neamhspleách a léiríonn íosléibhéal B2 ar an CTET/CEFR.

#### **9.2. Corpoideachas**

Maidir leis an gCorpoideachas mar ábhar, caithfidh iarratasóirí an Fhoirm PE1, a gheofar ar [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie) a sheoladh freisin.

## 10. Roinn D – Cáilíocht(aí) le measúnú

### 10.1. Tras-scríbhinní Acadúla

Caithfidh iarratasóirí fótachóip a sheoladh de thras-scríbhinní acadúla do gach bliain ar leith den cháilíocht/ de na cáilíochtaí ábhartha.

Tugann tras-scríbhinn cháilíochta liosta de na modúil agus de na marcanna a fuarthas i ngach modúl ar leith ar feadh thréimhse iomlán na cáilíochta. Ní mar a chéile tras-scríbhinní agus páir chéime - na doiciméid mhóra ornáideacha a bhronntar lá bronnadh na gcéimeanna. Ní ghlacfar le pár céime chun críche clárúcháin. Oibríonn an 'Forlónadh Dioplóma' in áit tras-scríbhinní.

Caithfidh iarratasóirí dul i dteagmháil lena gcoláiste nó lena n-ollscoil féin agus tras-scríbhinní, nó a bhForlónadh Dioplóma, a iarraidh. Caithfidh na tras-scríbhinní sin an dámhachtain deiridh a thaispeáint.

### 10.2. Rochtain ar líne ar thaifid cháilíochta (e.g. Digitaly)

Más mian leat ligean don Chomhairle Mhúinteoireachta taifid do cháilíochta(i) a bhreathnú ar líne, déan na socruithe cuí don chead rochtana/ chomhroinnt doiciméad i gcás do chuid doiciméad cáilíochta, agus tabhair na cóid rochtana a theastaíonn ar d'fhoirm iarratais. Má tá fáil ar do thras-scríbhinní ar Digitaly, logáil isteach i do chuntas le do thoil agus comhroinn an doiciméad/ na doiciméid tras-scríbhinní le postprimaryqa@teachingcouncil.ie ar feadh íostréimhse 4 seachtaine. Priontálfaidh an Chomhairle do chuid tras-scríbhinní agus cuirfidh sí le d'iarratas iad laistigh den tréimhse ama sin.

Níl logáil isteach trí do phróifíl mhic léinn phearsanta inghlactha.

## 11. Roinn E – Seirbhís Múinteoireachta

Tabhair eolas le do thoil faoin taithí mhúinteoireachta iarcháilíochta is ábhartha atá agat, seachas socrúchán scoile (más infheidhme), go háirithe maidir le haon ábhar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith. Má tá cáilíocht(aí) agat nach sásaíonn na riachtanais reatha, d'fhéadfaimis a bheith i dteagmháil leat agus breis eolais a lorg.

Cinntigh le do thoil gur líonadh isteach gach roinn go hiomlán agus go síníonn an duine ábhartha don tseirbhís mhúinteoireachta/ don taithí fhaofa.

## 12. Roinn F – Seicliosta

Freagair na ceistanna ar fad sa roinn seo le do thoil agus sínigh an doiciméad.

## 13. Roinn G – Táille/Modh Íocaíochta

€100 ar gach ábhar le measúnú an táille a chaithfear a sheoladh in éineacht leis an bhfoirm PPQA-02. Ná seol airgead tirim le do thoil. Déan an íocaíocht ar cheann de na modhanna íocaíochta a luaitear i Roinn G. Sa chás gur sonraí cárta creidmheasa/ cárta dochair a thugtar, scriosfar an leathanach sin den fhoirm iarratais go slán a luaithe a dhéantar an phróiseáil.

Mura bhfaightear aon táille, ní féidir an t-iarratas a phróiseáil agus cuirfear an t-iomlán ar ais chuig an iarratasóir.

An Chomhairle Mhúinteoireachta  
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co.Chill Dara,  
W23 Y7X0, Éire

LóGhlao 1890 224 224  
Teileafón +353 1 651 7900  
Facs +353 1 651 7901  
Ríomhphost [info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta

**The Teaching Council**

